An Cloċán Liaṫ

Colm Ó Gallċobair agus iad

Fuair Seán Ó Gallċobair agus amuiġ ag siúl ar Ċnoc na gCaorac nead éin ina raḃ 14 uibeaċa beaga, gaċ ceann timpeall leaṫ órlaċ trasna agus de ṁeaċan leaṫ únsa. Cé go bfuil Seán Ó Gallċobair breá cleaċtaiṫe le triall ar uibeaċa, ní raiḃ sé ábalta a rá cé'n cineál uibeaċa iad seo.

Cúis mór bróin ins an ċeantar ar fad bás Éamon Ó Fearraiġe, Gréaṫ na Cúiġe, Croiċslí, in aois a 58 bliana. Bí sé tinn go díreaċ ar feaḋ seaċtaine 7 ṫáinig an bás tobann air rud a scannraiġ an pobal uiliġ. Ċaiṫ sé a ṡaol uiliġ san ċeantar taoḃ amuiġ de tréimsí a ċaiṫ sé ag obair in Albain. Inḋiaiḋ Aifreann na Marḃ i dTeaċ Pobail Mín Uí Baoiġill, ċuaiġ an tórraṁ go roiliġ na Cruite. An tAṫair Ó Miocáin, S.C., a léiġ an tAifreann agus aḋúirt na paidreaċa ag an uaiġ. Níṫear comḃrón lena deartáir, Seán Ó Fearraiġe, le Anabella Bean Mic Ruairí, deirfiúr agus lena gaolta eile.

Ard a' Raṫa

Fosclaḋ an ceaṫrú seomra i Scoil Muire gan Smál, Ard a' Raṫa, agus tá na múinteoirí 7 na páistí uilig faoi an díon ámáin anois.

Tá an móin iontaċ gann ar fad fríd an taoḃ seo de Dún na nGall agus ċeana féin tá éileaṁ mór ar ġual fiú aṁáin ins na ceantair portaiġ. Tá móin á díol ar ċoṁ daor le £12 an lód tarracaire. An luaċ is airde ariaṁ ins an taoḃ seo de Dún na nGall.

Comġáirdeaċas le Carmel Ní Breisleáin, iníon is óige le Donnċaḋa Ó Breisleáin, Tulaiġ Mór, a fuair an teastas Tráċtála Institiúid Mac Dáid, na Gleanntaí.

Cúis bróin ins an ċeanntar Gaeltaċta seo ag Leac Conaill, bás Bean Conaill Uí Ċinnéide i Nua Eabraċ. Áine Nic Aoiḋ a bí uirṫi sul ar pósaḋ í, iníon le Peadar Mac Aoiḋ agus a bean, Leac Conaill, Ard a' Raṫa. D'fág sí an ceantar seo ós cionn dá ḟiċead bliain ó ṡoin, aċ ṫug sí cuairt ar Leac Conaill arís ceiṫre huaire ins na blianta a ċuaiġ ṫart. Níṫear comḃrón lena deartáireaċa, Séamas Mac Aoiḋ, agus Seán Mac Aoiḋ, Leac Conaill agus le Peadar agus Pádraig ins na Stáit Aontuiṫe agus le Brian Mac Aoiḋ, Gleann Geis agus Seosaṁ Mac Aoiḋ, Ard a' Raṫa agus Proinsias Mac Aoiḋ, Mín an Aoire, agus a deirfiúraċa Bean Éamonn Uí Eoċaiḋ, Leac Conaill, Bean Seán Uí Igin, Sraṫ Buí, Gleann Colmcille, 7 Bean Pádraig Uí Igne, Sraṫ a' Baile, Ard a' Raṫa.

Inis Cia agus na Géaḃa

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Ṁuiġeo bí moladh ón Iontaobas Náisiúnta le Inis Cia a ċoiméad mar tearmon do na géaḃa fiáine, agus léiġeaḋ litir a tabairt na cúiseanna ar mol an tIontaobas go mbeaḋ sé seo aṁlaiḋ. Ċuir E. Ó Ciarda ceist an mbeaḋ ceart inilte ag na daoine a tugaḋ aṁaċ as Inis Cia ingilt a ḋéanaṁ ar an oileán go fóill. Dúirt an Bainisteoir Condae go mbeaḋ. Naċ raiḃ ann aċ ceist cosc a ċur ar marú na ngéaḃa.

S. Ó Líonaċáin — Caiṫfear na cearta ingilte a ċosaint. D'iarr sé naċ ndéanfaí doċar ar biṫ de pobal nó na daoine ón oileán dá bárr. D'féadfaḋ sé, ar seisean, go raċfaḋ fear un oileán ag scaoileaḋ faoileáin, agus ainmíṫe eile, go gcuirfí an dlí air. Dúirt Mícéal Mac Giolla Ruaiḋe go raiḃ sé i gcoinniḃ ligint don oileán a beiṫ ina tearmon éanaċa.

Gleannbarr

Bí aiṫreaċas mór ar fud an dá paráiste aontaiṫe, Cill Uí Garbáin agus Tulaiġ Fearainn, go háiriṫe i mBaile na nGallóglaċ an áit ar ċaiṫ sé ceiṫre bliana déag, nuair a ċualatas go raiḃ an tAṫair Ó Cinnéide, S.C., aṫruiġṫe go dtí Gleann Finne. Taoḃ amuiġ dá ḋualgas mar ṡagart a rinne sé go dúraċta, bí sé réiḋ toilteanaċ i gcónaí a ċuidiú a tabairt i ngaċ rud a ċuaiġ un tairbe don ċeantar uiliġ. Bí sé fial carṫannaċ leis an uile duine agus bí cion ag sean agus óg air. Guímid raṫ Dé air féin agus ar a ċuid oibre beannaiṫe san áit a bfuil sé ag dul.

Táṫar i gcionn oibre ar an príoṁ bealaċ mór arís, sin an ċuid de a síneas ó Baile an Muilinn go dtí Mullaċ ar an Dún na Tuinne agus feiḋm cruaiḋ atá leis an ċóiriú ċéanna óir bí sé ar ċeann de na bealaí móra a ba measa sa ċontae. Cuirfeaḋ píopaí toscaṫa agus líonaḋ isteaċ cuid de na díogaċa a bí ag taoḃanna an bealaiġ móir seo aċ is mór an truaiġ nar líonaḋ iad uiliġ óir tá siad an contúirteaċ.

Ag cruinniú de Ċoṁairle na Lán-Sconairí, Craoḃ Naoṁ Muire, Gleannbarr, ar oiċe Dia-Daoin as ċuaiġ ṫart rinneaḋ scrúdú iomlán ar obair na bliana as ċuaiġ ṫart, rinneaḋ páipéar na gceist a ḟreagairt 7 togaḋ na hoifiġiġ seo fá ċoinne na bliana seo:— Uaċtarán, S. Ó Doċartaiġ, Dun na Tuinne; Leas-Uaċtarán, Aoḋ Ó hÁgáin, Lurganbríc; cisteoir, Seán Ó Doċartaiġ, Baile na Creige; rúnaí, Dónall Mac Eiteagáin, Lurganbríc; rúnaí cúnta, Seosaṁ Ó Gallċobair, Cill Uí Colmáin.

Bliain Maiṫ ag an Cloċán Liaṫ

Dia Doṁnaiġ seo ċugainn beiḋ cluiċe maiṫ peile idir Dún na nGall agus Aontroṁ, an craoḃ cluiċe de Ċorn Ó Duibir, ag Páirc Mic Cuṁaill, Bealaċ Féiḋ.

"D'imir foireann sinsear an Ċloċáin Léiṫ 20 cluiċí ar feaḋ 1964 agus níor ċaill siad aċ an uair aṁáin i gcoinne Mac Cuṁaill," aḋúirt Caṫal Ó Doċartaiġ, O.S., ag cruinniú cinn-bliana, Cumann Lúṫ Cleas Gael, in Óstán Mac Suibne, An Cloċán Liaṫ. Ba maiṫ an bliain a bí acu. Ċur na scoláirí tús leis nuair a buaiġ siad Craoḃ na Scol 1963. Rinne na h-ógánaiġ go maiṫ fosta. Taréis roinnt maiṫ blianta bí foireann soisear acu arís. Ċuaiġ an foireann sincear go dtí an Craoḃ Cluiċe den 13 ar taoḃ agus ina diaiḋ sin tugaḋ an ċraoḃ daoḃa. Bí siad ins an craoḃ cluiċe den léig sinsear 1964.

I gcuntas an ċisteora, dúirt Seán S. Ó Braonáin, gur ċosain sé £500 imeaċtaí eile an ċlub a ṡeasaṁ ar feaḋ na bliana.

Duaiseoirí Ceapadóraċta

Stampa Cróna dar luaċ £1 do ġaċ duine

Antoin Mac Gabann, Cloċar na Trócaire, Granard.
Eiblín Ní Pearsúin, Cloċar Marist, Baile Ċatail.
Roismáire Ní Raġnaill, Cloċar na Trócaire, Longport.
Póilín Ní Caislin. Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa na mBuillí.
Siubán Ní Braonáin. Cloċar Marist, Baile Ċatail.
Bríd M. Nic Aonġusa, Cloċar Marist, Tobar a' Ċoire.
Eiblín Ní Casai. Cloċar Marist, Baile Ċatail.
Máire Ní Ċadain. Cloċar Marist, Tobar a' Ċoire.
Máire Nic Gleannáin, Cloċar na Trócaire, Longport.
Dolores Ní Ċonġaile, Cloċar Marist, Cara Droma Rúisc.
Aedín Nic Uidir, Cloċar Loretto, Cabain.
Máire Ní Dodaiġ, Cloċar na Trócaire, Béal Áṫa na Muice.
Caitlín Ní Conormaoile, Baile Ċatail.
Eiblín Ní Muirċeartaiġ, Cloċar na Trócaire, Longport.
Gorete Ní Riagain. Cloċar na Trócaire, Longport.
Máire Ní Ċearnaiġ, Cloċar Marist, Baile Ċatail.
Áine Ní Raġnaill. Cloċar na Trócaire, Longport.

Duaiseoirí na Seaċtaine Seo

Caitlín Ní Raiṫbeartaiġ, Coláiste Muire, Baile an Ṁota.
Úna Ní Duinn. Scoil Eoin Baiste. Éadan Doire.

Comórtas Ceapadóraċta

Duais stampa Cróna dar luaċ £1 i ngaċ comórtas.

An tSeaċtain Seo:

Sinsir
IS GLAS IAD NA CNOIC I BFAD UAINN

Sóisir (faoi 15)
NÍ HÉ LÁ NA GAOIṪE LÁ NA SCOLB.

Bunscoil:
MÉ FÉIN

Aistí le cur sa post roiṁ 5-3-65, maille le cupón eagrán seo.

Aistí na seaċtaine seo ċugainn:

Sinsir:
AN TSÍN MAR ĊOṀACT DOṀANDA

Sóisir
CÉ'N MAIṪ LE SCRÚDÚĊÁIN

Bunscoil:
NAOṀ PÁDRAIG

CUPÓN
AMÁRAĊ
26-2-1965

Conraḋ na Gaeilge
LEAS-RÚNAÍ LE CEAPAḊ
Fear oilte i gcúrsaí riaracáin agus eagraíoċta.
Aois 25 go 35 bliana.
Tuarastal £900 x £50 go £1,200.
Seoltar iarratais agus gaċ eolas, roiṁ 15 Márta, 1965, ċuiġ
Ard-Rúnaí an Ċonarṫa, 14 Cearnóg Parnell, Baile Áṫa Cliaṫ. 1.

Duaiseanna £500,000 ar Duaisbannaí

Beiḋ timpeall £½m. le baint as an ċéad tarraingt eile de na Duaisbannaí a tosnós ar 10.15 a.m. Dia Luain seo ċugainn, an ċéad lá de Ṁárta ag Banc na hÉireann. Beiḋ dá duais úra de £10,000 i mbliana agus in aċan ċrannċur ó seo amaċ, agus cuirfear deiċ leis na duaiseanna £50 aċ beiḋ i bfad níos mó duaiseanna £100. Is cosúil go mbeiḋ timpeall £530,000 mar duais ċiste. Beiḋ duaiseanna 2 de £10,000, 51 de £5,000, 51 de £1,000 agus 2,040 de £100 an ceann. Beiḋ na duaisbannaí ar díol arís ar £5 an ceann ón 18ú Márta go dtí an Satairn, an 3ú Aibreán.

Tuar Mic Éada

Ag cruinniú de Ċoiste Cosanta an Iarṫair i gClár Ċloinne Ṁuiris, a raḃ ionadaiṫe ó Ġaeltaċt Tuar Mic Éide i láṫair aige. do labair an tAṫair S. Mac Duibir, Gleanncolmcille, faoi an plean.

Ba maiṫ liom a rá naċ bfuil claonaḋ polaiticiúil ar biṫ agam féin go pearsanta, nó ag daoine atá ag obair ar an ċoiste seo—aḋúirt sé. Tugaḋ bualaḋ bos an mór ar fad dó óna ċéadta daoine a bí i láṫair san halla oiċe Máirt seo ċaite.

Má ṫárlaíonn sé, agus sinn ag éileaṁ ár gcearta coṫrom, go gcaiṫfiḋ muid léirmeas do ḋéanaṁ ar an Rialtas atá istiġ de ċuras na huaire, ní h-ionann é seo ċor ar biṫ agus go bfuil muid i gcoinniḃ páirtí an Rialtais, sin. aḋúirt sé.

D'iarr sé ar na daoine a gcuid difríoċta polaiticiúil a dearmad agus teaċt le ċéile i gCoṁarċumann do leas an Iarṫair.

Agus ar seisean: "Coiméad an dílseaċt do'd páirtí, aċ cuimhniġ nár ċeart dílseaċt do'd páirtí ar biṫ do ċur i gcomparáid don dílseaċt do'd ċondae féin, nó leis an pobal breá daoine atá le fáil i nDún na nGall, agus uaiḋ sin síos go Corcaí. Tá leas an Iarṫair na ċuid de leas an náisiúin agus tá sé ós cionn polaitíoċt de gaċ cineál." "Ba mór an náire," aḋúirt sé, "an méid talaiṁ a bí ag imeaċt bán ar fud an Iarṫair."

Scoil Ilġnéiṫeaċ Gleann na Muaiḋe

Ag cruinniú de Ċoiste Gairm-Oideaċas Ṁuiġeo i gCaisleán an Barraiġ, léiġ Pádraic Ó Loċlainn, Príoṁ-Oifiġeaċ an litir seo a fuair an Seanadóir Tomás Ó Ruadáin, faoi an scoil ilġnéiṫeaċ do Gleann na Muaiḋe—

A Ṡeanadóir, a ċara,

Iarrann an Dr. Ó hIrgile, Aire Oideaċas orm tagairt don méid aḋúirt tú de tairbe an molaḋ go mbeaḋ scoil ilġnéiṫeaċ suiṫe i nGleann na Muaiḋe. Tá an Roinn ag scrúdú an pobal scoile agus na figiúirí le féaċaint cad é an sagas iar-bun-oideaċas a béas ag teastáil, agus go dtí go mbeiḋ an scrúdú seo críoċnaiṫe, ní féidir a rá cé acu beaḋ an ceantar feiliúnaċ do scoil ilġnéiṫeaċ.

Sinite,
T. Ó Laoċa, Rúnaí an Aire.

Tar ċeann muintir an ċeantar tug P. S. Ó Duibí buíoċas don Seanadóir Ó Ruadáin, as an molaḋ seo a ċur ċun na Roinne ar a son. Agus bí súil aige go dtiocfaḋ dea-toraḋ uaiḋ.

Dúirt Eoin Mac Aoḋa go raiḃ an Seanadóir Ó Ruadáin i gcónaí ana ċabraċ leis an ċoiste, 7 go minic ċeana go ndearna sé a ḋíċeall le cás a ċur ós coṁair na Roinne.

Dúirt Seán Ó Maolrúnaí gur maiṫ leis buíoċas a tabairt don Seanadóir Ó Ruadáin ċoṁ maiṫ, as an cás a ċur ós coṁair na Roinne fá ċoinne an scoil nua i mBaile na Glaise.

Cosc ar Imirce Óganaċ

Sa Dáil, d'fiafraiġ N. Ó Bearráin, don Aire Gnótaí Eaċtraċa an measgaḋ sé rialaċán a tabairt isteaċ fá ċoinne iosteora do daoine óga ag dul go dtí an Breatain gan cead óna dtuismiteoirí.

D'freagair an tUasal Mac Aodagáin, T.D., Aire Gnótaí Eaċtraċa, go dearnaḋ scrúdú ar an ceist seo roiṁe agus naċ rabar ábalta teaċt ar bealaċ praiticiúil éifeaċtaċ ċun cosc a ċur ar daoine óga ag dul go dtí an Breatain.

Breandán Mac Feorais—Naċ bfuil rialaċa ag cosc ar buaċaillí agus cailíní dul ċuig damsaí go dtí go mbíonn siad 18 agus naċ bféadfaí rialaċán don cineál ċéanna a ḋéanaṁ fá ċoinne dul go Sasana?

Sir A. Esmonde — Agus ċuig na pictiúirí.

Dúirt an tUasal Mac Aodagáin go raiḃ teora fada talaiṁ againn san am i láṫair agus go raiḃ difríoċt idir sin agus doras teaċ damsa.

Tionscoil sa Ġaeltaċt!

Sa Dáil, d'fiafraiġ Nioclás Ó Bearráin, T.D., do Aire na Gaeltaċta, de tairbe caoṁnú 7 leaṫnú na Gaeltaċta, agus ós rud é go bfuil leisce ar tionsclóirí príoṁáideaċa airgead a ġuncil ins na ceantair seo, an ndéanfaḋ sé réiteaċ go mbunóiḋ a Roinn tionscail feiliúnaċ in gaċ Gaeltaċt.

D'freagair Seoirse Ó Colla, T.D. — Faoi mar a léirítear sa Páipéar Bán, um Aṫbeoċána na Gaeilge, tá an Rialtas taréis a ċinneaḋ go gcaiṫfiḋ Gaeltarra Éireann a beiṫ ina príoṁġléas ċun gníoṁaíoċtaí eacnaṁaíoċta de ċineál tionsclaíoċt a forbairt in gaċ limistéar Gaeltaċta agus go spreagfar é ċun feiḋm dearḃóireaċ a ḋéanaṁ le tacaíoċt caipital ón Rialtas. Faoi mar a luaitear sa Páipéar Bán freisin, tabarfar bille leasúċán maille le Gaeltarra Éireann ós coṁair na Dála go lua.

Bailiteoir Rátaí Baile Cruaiḋe

Ag an cruinniú den Ċoṁairle Condae Dé Saṫairn seo ċaite, socraíoḋ ar méadú a ḋéanaṁ ar tuarasdal an bailiteoir rátaí i gceantar Baile Cruaiḋe, go dtí £150 le bonus de £50. Dúirt S. Ó Líonaċáin gurb iontaċ an rud go raiḃ sé soiléir ar Ċoṁairle Condae Ṁuiġeo go raiḃ cur i gcoinniḃ na ndaoine seo ag an Ċoṁairle agus bí sé soiléir roiṁe sin leis an Páipéar Bán go raiḃ cur i gcoinniḃ na ndaoine seo ag an Rialtas féin. Mol sé tuarastal de £150 agus bonus de £50. "Iarraim ar an Ċoṁairle seo ceart a tabairt do muintir Baile Cruaiḋe," ar seisean. Dúirt an tUasal E. Ó Ciarda naċ raiḃ cur-i-gcoinniḃ ar biṫ ó Páirtí Fine Gael do muintir Baile Cruaiḋe. Dúirt S. Ó Gáiréid gur aṁaiḋ í a bí ann bonus a féceáil níos mó ná an cuarastal, fá ċoinne an post seo.